## CLÁR

**Nótaí tábhachtacha....4**

**1. Maidir leis an Dámhachtain Chómhaoinithe 2025....5**

1.1 Snáithí Dámhachtana Cómhaoinithe do 2025....5

1.2 Tosaíochtaí na dámhachtana seo....6

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh....7

1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh....9

1.5 Cé mhéad is féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith....9

1.6 Na costais ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith....10

1.7 Costais nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith....13

1.8 Gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith....13

1.9 Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas d'ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht féachana....14

1.10 An t-ábhar tacaíochta a bheidh de dhíth ort....17

1.11 Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo....20

1.12 Cabhair theicniúil a fháil do d'iarratas....21

2. Sula ndéanfaidh tú iarratas....23

2.1 An próiseas iarratais a mhiondealú ina chéimeanna....23

2.2 Ag clárú i gcomhair cuntas Seirbhísí ar Líne....24

2.3 A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi ainm d'eagraíochta....26

2.4 Seiceáil na bogearraí atá ar do ríomhaire sula ndéanfaidh tú iarratas....26

2.5 Glac do chuid ama chun d'iarratas a ullmhú....28

2.6 Ullmhaigh do dhoiciméid tacaíochta....28

2.7 Ullmhaigh do naisc URL....30

**3. D'fhoirm iarratais a chomhlánú....33**

**4. D'iarratas a chur isteach....34**

4.1 Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d'iarratas ........... 34
4.2 Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil ........... 34
4.3 Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air ........... 34
4.4 Iontráil méid an mhaoinithe atá á iarraidh ........... 35
4.5 Uaslódáil do dhoiciméid ........... 35
4.6 Cuir d'iarratas isteach ........... 36
**5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – an méid a tharlaíonn ansin ... 37**
5.1 An chaoi a ndéanaimid cinntí ........... 38
5.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas ........... 39
5.3 Dearbhú leasa ........... 41
5.4 Na chéad chéimeanna eile i gcás go n-éiríonn le d'iarratas ........... 42
5.5 Na chéad chéimeanna eile i gcás go n-éiríonn le d'iarratas ........... 42
5.6 Achomharc a dhéanamh ........... 43

# 1. Maidir leis an Dámhachtain Chómhaoinithe 2025

Dearadh an Dámhachtain Chómhaoinithe chun tacú le heagraíochtaí ealaíon Éireannacha ina gcuid gníomhaíochtaí ealaíonta faoi na snáithí Tionscadail Chomhair Eorpacha agus Ardáin Eorpacha de Chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2021–27.

## 1.1 Snáithí Dámhachtana Cómhaoinithe do 2025

Baineann dhá shnáithe le Dámhachtain Chómhaoinithe 2025 chun tacú le heagraíochtaí ealaíon Éireannacha.

### Snáithe 1: Dámhachtain Chómhaoinithe le haghaidh Tionscadail Chomhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta agus Ardáin Eorpacha a bheidh ag tosú in 2025

Tá Snáithe 1 ann le haghaidh eagraíochtaí Éireannacha a bhfuil **maoiniú slánaithe acu cheana** le haghaidh gníomhaíochtaí ealaíonta faoi na snáithí Tionscadail Chomhair agus Ardán Eorpach de Chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2021-27.

Is leis an snáithe seo a cheadaítear dóibh iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun tacú le **gníomhaíochtaí ealaíon na hÉireann** ina dtionscadail a thagann le tosaíochtaí na dámhachtana seo.

### Snáithe 2: Dámhachtain Chómhaoinithe le haghaidh Cruinnithe Comhpháirtithe mar ullmhúchán d’iarratais ar Thionscadal Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta

Le Snáithe 2 tairgtear tacaíocht d’eagraíochtaí Éireannacha le haghaidh **cruinnithe le comhpháirtithe ionchasacha Eorpacha** chun ullmhú le haghaidh iarratais ar shnáithe Tionscadal Comhair de chuid Chlár Eoraip na Cruthaitheachta 2021–2027.

Leis an snáithe seo, ceadaítear d’eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chostais i leith eitiltí, cóiríochta agus cothabhála **ag a mbíonn gaol díreach** le cruinnithe pleanáilte le comhpháirtithe ionchasacha Eorpacha.

Ní mór do na cruinnithe úd á bheith á n-óstáil san Eoraip.

## 1.2 Tosaíochtaí na dámhachtana seo

Tá tosaíochtaí na dámhachtana seo ag teacht le straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25).

Faigh tuilleadh eolais faoi straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon.

Braithfidh na tosaíochtaí faoi leith a mbeidh feidhm leo maidir le d’iarratas ar an snáithe a roghnaíonn tú.

### Snáithe 1

- Gníomhaíochtaí a thugann aitheantas don luach a bhaineann le caidrimh agus le cleachtas idirnáisiúnta d’eagraíocht an iarratais agus d’ealaíontóirí ar leithligh araon
- Gníomhaíochtaí a léiríonn cur chun cinn agus forbairt dea-chleachtais sa réimse maidir le forbairt lucht féachana/éisteachta, chomh maith le rannpháirtíocht an phobail in Éirinn a fheabhsú agus a fhás
- Gníomhaíochtaí a chuidíonn lena chinntiú go mbíonn earnáil na n-ealaíon oilte, seiftiúil agus tiomanta dá hathnuachan féin

### Snáithe 2

- Léiríonn an togra go bhfuil comhpháirtithe ionchasacha Eorpacha aitheanta ag an iarratasóir, agus go bhfuil pleananna deimhnithe le haghaidh cruinnithe a reáchtáil san Eoraip
- Is soiléir é an t-ábhar a bheidh á phlé sna cruinnithe atá beartaithe

- Tá sé i gceist ag an iarratasóir agus comhpháirtithe ionchasacha iarratas a dhéanamh ar Thionscadail Chomhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta.

## 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh

Úsáid na critéir thíos lena sheiceáil an oireann an dámhachtain seo do d’eagraíochtsa.

### Critéir Shnáithe 1

- Eagraíochtaí ealaíon atá lonnaithe in Éirinn
- Ní mór dóibh tairiscint ar mhaoiniú a fháil ó Thionscadail Chomhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta nó ó Ardáin Eorpacha in 2024
- Is féidir leis an tairiscint sin a bheith i bhfoirm príomh-chomhordaitheora nó comhpháirtí
- Ní mór d’iarratas ar an dámhachtain seo a bheith sa bhliain féilire chéanna ina bhfuair tú tairiscint ar mhaoiniú ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar dhámhachtain amháin Shnáithe 1 in aghaidh an Tionscadail Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta nó Ardán Eorpach

**Tabhair faoi deara:** Is féidir le heagraíochtaí neamh-ealaíon iarratas a dhéanamh más rud é:

- Go n-aithníonn tú eagraíocht ealaíon Éireannach mar chomhpháirtí sa tionscadal
- Go n-úsáidtear an maoiniú ón dámhachtain seo le haghaidh gníomhaíochtaí ealaíon an chomhpháirtí Éireannaigh sin

### Critéir Shnáithe 2

- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

## 1.4 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar an dámhachtain seo mura bhfuil d’eagraíocht lonnaithe i bPoblacht na hÉireann.  Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar **shnáithe amháin** in aon bhliain faoi leith.

Tá teorainneacha eile i gceist le gach snáithe freisin.

### Snáithe 1

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 1 más rud é:

- Nach bhfuair tú maoiniú ó Thionscadail Chomhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta ná ó Ardáin Eorpacha in 2024
- Go bhfuair tú Dámhachtain Chómhaoinithe don tionscadal seo roimhe seo.

### Snáithe 2

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 2 más rud é:

- Gur tionscadal scannánaíochta é do thionscadal
- Go bhfuair tú Dámhachtain Chómhaoinithe roimhe seo agus an tionscadal céanna á ullmhú.

## 1.5 Cé mhéad is féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Braithfidh an méid ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ar an snáithe a roghnaíonn tú.

**Tabhair faoi deara:** Is dámhachtainí iomaíocha iad dámhachtainí na Comhairle Ealaíon. Is sa chomhthéacs iomaíoch sin a dhéanaimid

measúnú ar na hiarratais agus ar na méideanna a dhámhaimid. Tugaimid na hacmhainní a bhíonn ar fáil d’iarratasóirí san áireamh freisin.

### Méid Shnáithe 1

Braithfidh an méid ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ar chostas iomlán ghníomhaíochtaí ealaíon Éireannach an tionscadail a shásaíonn cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana seo.

**Sampla**

- Is é €50,000 buiséad iomlán d’eagraíochta don tionscadal.
- €30,000 is ea luach do sciar den deontas EACEA
- Ciallaíonn sé sin nach foláir duit suim €20,000 a thiomsú don tionscadal seo.
- Sa sampla seo, is €20,000 an t-uasmhéid a fhéadfaidh tú iarratas a dhéanamh ina leith.

Mar sin féin, tá coinne leis go bhfeicfimid samhail maoiniúcháin mheasctha i d’iarratas.

Níor cheart gurbh é an méid atá tú ag iarraidh ón gComhairle Ealaíon an t-aon fhoinse ioncaim breise le haghaidh do thionscadail.

### Méid Shnáithe 2

Is é €2,000 an t-uasmhéid ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.

## 1.6 Na costais ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Braithfidh na costais ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ar an snáithe a roghnaíonn sibh.

### Costais Shnáithe 1

Is féidir libh iarratas a dhéanamh ar chostais atá bainteach go díreach le cur chun feidhme ghnéithe Éireannacha an Tionscadail Comhair rathúil de chuid Eoraip na Cruthaitheachta nó Ardáin Eorpacha.

D’fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh le roinnt samplaí díobh sin:

- Táillí ealaíontóirí
- Costais léiriúcháin
- Costais taistil agus chothaithe
- Costais scaipthe agus foilsithe
- Costais taighde i gcás inarb infheidhme (i.e. réimsí atá ag teacht le cuspóirí straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon).

Ní mór duit na costais a chur in iúl ar mian leat iarratas a dhéanamh ina leith sa teimpléad buiséid mionsonraithe a chuirfidh tú isteach mar chuid de d’iarratas.

### Nóta maidir le táillí ealaíontóirí

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Inár mBeartas Luach Saothair don Ealaíontóir tugtar achoimre ar an ngealltanas sin do luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d’ealaíontóirí.

Is rud tábhachtach é go léifidh tú an beartas sin sula ndéanfaidh tú iarratas. Ní mór duit a mhíniú i d’iarratas an chaoi a n-áirithíonn tú pá agus dálaí cearta do na healaíontóirí a n-oibríonn tú leo. Cabhróidh sé seo linn indéantacht d’iarratais a mheas.

## 1.7 Costais nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas thíos mar chuid den dámhachtain seo.

- Costais nach n-oireann do thosaíochtaí na dámhachtana seo
- Costais arna maoiniú cheana féin ag an EACEA agus gníomhaireachtaí maoiniúcháin náisiúnta, an Chomhairle Ealaíon san áireamh
- Costais chaipitil
- Príomhchostais leanúnacha.

## 1.8 Gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na ngníomhaíochtaí thíos mar chuid den dámhachtain seo.

- Snáithe 1 amháin: gníomhaíochtaí nach bhfuil achoimre déanta orthu sa bhuiséad mionsonraithe, ach a d’áirigh tú le d’iarratas ar éirigh leis ar Thionscadal Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta.
- Gníomhaíochtaí nach n-oireann do thosaíochtaí na dámhachtana seo
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do thacaíocht ó ghníomhaireacht rialtais nó gníomhaireacht phoiblí eile. Tá Cultúr Éireann, Fís Éireann agus institiúidí tríú leibhéal i measc roinnt samplaí díobh.
- Gníomhaíochtaí neamhealaíonta amhail costais oidhreachta nó gníomhaíochtaí acadúla
- Gníomhaíochtaí a oireann níos fearr do chineál eile dámhachtana de chuid na Comhairle Ealaíon

## Ábhar tacaíochta éigeantach Shnáithe 1

- Cóip de do litir chinnidh ón EACEA
- Cóip den iarratas ar Thionscadal Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta nó Ardán Eorpach a chuir tú isteach le d’iarratas rathúil
- Cóip den bhuiséad mionsonraithe ar Thionscadal Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta nó Ardán Eorpach a chuir tú isteach le d’iarratas rathúil. Ba chóir go mbeadh sí i bhformáid comhaid Excel.
- Bileog bhuiséid chomhlánaithe don Dámhachtain Chómhaoinithe. Ní mór duit leas a bhaint as an gcomhad teimpléid Excel ar leathanach gréasáin ár nDámhachtana Cómhaoinithe.
- Litreacha/ríomhphoist agus cóipeanna de mheabhráin tuisceana ina sonraítear aon chomhoibriú nó gealltanas ioncaim i leith an togra **nach raibh liostaithe** i bhfoirm bhuiséid do Thionscadail Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta.

## Ábhar tacaíochta éigeantach Shnáithe 2

- CVanna gearra cothrom le dáta duitse agus do do chomhpháirtithe beartaithe. Ba chóir go mbeadh dhá leathanach ar a uasmhéid ar gach CV
- Buiséad mionsonraithe lena n-áirítear do chostais taistil, chóiríochta agus chothaithe. Is féidir leat leas a bhaint as do theimpléad buiséid féin nó an teimpléad comhaid Excel ar ár leathanach gréasáin don Dámhachtain Chómhaoinithe a úsáid.
- Fianaise ar rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe Eorpacha beartaithe. Samplaí den fhianaise sin a bheadh i litir chuiridh nó teachtaireacht fhoirmiúil ríomhphoist ina mionsonraítear na cruinnithe atá beartaithe agat.

## Ábhar tacaíochta breise i gcásanna áirithe

5. Iontráil ainm d'eagraíochta agus céadainm agus sloinne do phríomhtheagmhálaí.
6. Iontráil ainm d'eagraíochta.
7. Iontráil seoladh ríomhphoist agus uimhir teagmhála d'eagraíochta.
8. Má tá ceann agat, iontráil uimhir chánacha d'eagraíochta-sa.
9. Iontráil an cód don scagaire turscair.
10. Cliceáil **Cláraigh**.

## Iarratasóirí roimhe seo

Má chláraigh tú d'eagraíocht le haghaidh cuntais roimhe seo, ní gá duit clárú le haghaidh cuntas nua don iarratas seo.

Ba cheart duit do chuntas agus do UCÉ atá ann cheana a úsáid chun iarratas a dhéanamh. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, is féidir leat ceann nua a iarraidh.

## Riachtanais teicniúla maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Leis an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne a úsáid, ní foláir do do ríomhaire na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh.

**PC**

- Córas oibriúcháin Windows 7 (nó leagan níos nuaí de Windows).

**Mac**

- Mac OS X v10.5 Leopard (nó leagan níos nuaí de macOS).

  Is féidir leat aon cheann de na brabhsálaithe coitianta gréasáin a úsáid le Seirbhísí ar Líne a rochtain, e.g. Google Chrome, Microsoft Edge, Safari, Firefox.

## 2.3 A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi ainm d’eagraíochta

Ní féidir linn aon mhaoiniú a fhaighimid a íoc ach amháin leis an gcuntas bainc atá i dtaisce in ainm na heagraíochta atá cláraithe agat a iontrálann tú i gcuid 1.1 den fhoirm iarratais.

Ciallaíonn sé sin nach mór d’aon doiciméadacht a chuireann tú isteach mar chuid de d’iarratas a bheith in ainm d’eagraíochta-sa.

**Sampla**

Déanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon le maoiniú a fháil faoin ainm “Ionad Ealaíon Bhaile Formaid”. Aon doiciméadacht a chuireann tú faoi bhráid, ní mór di a bheith faoin ainm sin. Áirítear leis sin sonraí bainc and sonraí cánach.

### Snáithe 1

Is eagraíocht é an t-iarratasóir atá lonnaithe in Éirinn, agus a gheobhaidh aon deontas arna thairiscint agus nach foláir dó glacadh le téarmaí agus coinníollacha an deontais.

### Snáithe 2

Is é an t-iarratasóir an eagraíocht atá lonnaithe in Éirinn atá ag déanamh iarratais chun tabhairt faoi chruinnithe beartaithe le comhpháirtithe ionchasacha Eorpacha mar ullmhúchán d’iarratas ar Thionscadal Comhair de chuid Eoraip na Cruthaitheachta.

## 2.4 Seiceáil na bogearraí atá ar do ríomhaire sula ndéanfaidh tú iarratas

Ní mór duit ríomhaire deisce nó glúine a úsáid chun d’iarratas a chur isteach. Ní féidir iarratas a chur isteach agus fón póca, táibléad nó gléas eile in úsáid agat.

